

# CEADÚNAS - CUIDEACHTAÍ ALT 24 ROIMHE 1 MÁRTA 2002

---

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 25 / Aibreán 2019

## 1. Forálacha reachtaíochta maidir le hainm cuideachta

Baineann an bhileog seo le cuideachtaí ar tugadh cead díolúine dóibh roimh an 1 Márta 2002, agus iadsan amháin.

Ar an 1 Meitheamh 2015, tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 in ionad Achtanna na gCuideachtaí 1963-2013 agus cuireadh ceanglais nua in ionad an nós imeachta díolúine. Níl an díolúine ar fáil anois ach amháin i gcás cineálacha áirithe cuideachtaí – Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe, Cuideachtaí Neamhtheoranta agus Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar Bhileog Uimh. 24, ‘**Díolúine maidir le Cineál na Cuideachta a úsáid mar chuid den Ainm Cuideachta**’

### Iarmhír le hAinm na Cuideachta

Foráiltear le halt 969 d’Acht na gCuideachtaí 2014 go luafar ainm na cuideachta, agus an cineál ábhartha cuideachta mar fhocail deiridh an ainm, in ainm cuideachta agus meabhrán comhlachais gaolmhar gach cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe atá faoi theorainn scaireanna/ráthaíochta agus foráiltear amhlaidh freisin le halt 1178 d’Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le gach cuideachta atá faoi theorainn ráthaíochta, nach bhfuil scairchaipiteal aici. Ní mór go n-áireofaí cineál na cuideachta mar iarmhír lena hainm i gcás gach cuideachta neamhtheoranta faoi alt 1237 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

De bhonn alt 49 d’Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé d’oibleagáid ar gach cuideachta a hainm a fhoilsiú, i measc eile, i ngach litir ghnó, fógra agus foilseachán oifigiúil eile de chuid na cuideachta agus i ngach seic, sonrasc agus admháil. Níl úsáid ghiorrúcháin ar an gcineál ábhartha cuideachta ina shárú ar ailt 969/1178/1237.

Féadfaidh Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA) nó Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR), áfach, a bheith díolmhaithe ón gceanglas a cineál cuideachta a chur san áireamh ina hainm, agus ó na ceanglais arna bhforchur faoi alt 49.

Tabhair faoi deara, faoi alt 151 d’Acht na gCuideachtaí 2014, nach mór do chuideachta atá díolmhaithe ón oibleagáid chun úsáid a bhaint as na focail lena ndéantar cur síos ar an gcineál cuideachta mar chuid dá hainm **foirm dhlíthiúil na cuideachta** a thaispeáint ar a cuid litreacha agus foirmeacha ordaithe.

Faoin Acht nua, déantar páirtsainiú ar chuideachta de réir a hainm. Ní fhéadfaidh an cur síos a bheith ina gcuid ainmneacha ag cuideachtaí mura mbaineann siad leis an gcineál cuideachta sin, agus tá sé de dhualgas ar gach cuideachta an cur síos ar an gcineál cuideachta a bheith ina hainm aici.

TEO - Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna - “**Limited/Teoranta**”

CGA - Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi theorainn scaireanna/faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal aici - “**Designated Activity Company/Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe**”

CPT - Cuideachta phoiblí theoranta - “**Public Limited Company/Cuideachta Phoiblí Theoranta**”

CTR - Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta - “**Company Limited by Guarantee/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta**”

CNT - Cuideachta phríobháideach neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici - “**Unlimited Company/Cuideachta Neamhtheoranta**”

CPN - Cuideachta phoiblí neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici - “**Unlimited Company/Cuideachta Neamhtheoranta**”

CPNT - Cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici - “**Unlimited Company/Cuideachta Neamhtheoranta**”.

## 2. Roimhe 1 Márta 2002

Roimh an 1 Márta 2002, thug an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ceadúnas do chuideachtaí áirithe, de bhun ailt 24 d’Acht na gCuideachtaí 1963. De réir an cheadúnais seo, is féidir cuideachta a chlárú mar chuideachta teoranta ó thaobh fiachais gan an focal “Limited” nó “Teoranta” a chur leis an ainm, nó is féidir ainm na cuideachta a athrú, lena n-áirítear an focal “Limited” nó “Teoranta” a ligean as an ainm.

D'fhonn ceadúnas alt 24 a fháil, b'éigean do chuideachta a thaispeáint don Aire:

(a) go raibh sé mar chuspóir aici amháin, tráchtáil, ealaíon, eolaíocht, oideachas, reiligiún, carthanacht nó ábhar forordaithe eile ar bith a chur chun cinn, **agus**

(b) gur éiligh an meabhrán nó na hairteagail chomhlachais:

i) gur gá na brabúis (más ann) nó ioncam eile ar bith a chur chun feidhme lena cuspóirí a chur chun cinn,

ii) gur gcuirfeadh cosc le díbhinní a íoc leis na comhaltaí, **agus**

iii) gur éiligh siad gur gá na sócmhainní ar fad a bheadh ar fáil do na comhaltaí ar chuma eile a aistriú chuig cuideachta eile agus an chuideachta sin á fhoirceannadh, cuideachta le cuspóirí a chloíonn le mír (a) agus a chomhlíonann na ceanglais sa mhír seo.

### 3. Ceadúnais alt 24 deonaithe roimh an 1 Márta 2002

Ceadúnas alt 24 deonaithe ag an Aire roimh an 1 Márta 2002, a bhí i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, leanann sé de bheith i bhfeidhm go hiomlán agus lánéifeacht leis, agus ní chuirtear isteach air de bharr an nós imeachta nua díolúine a tugadh isteach an 1 Meitheamh 2015.

Is féidir le cuideachta ar bith, a bhí i seilbh ceadúnas ón Aire díreach roimh an 1 Meitheamh 2015, a thug cead di an focal “Limited” nó “Teoranta” a ligean as ainm na cuideachta, brath ar an gceadúnas sin - ní gá di iarratas eile a chur isteach ar dhíolúine faoin nós imeachta nua.

Faoi réir Achtanna na gCuideachtaí, ní gá do chomhlacht, agus ceadúnas alt 24 curtha i bhfeidhm ina leith, forálacha Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh a bhaineann leis na focail “Designated Activity Company/Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” nó “Company Limited by Guarantee/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta” a úsáid ina hainm nó a bhaineann lena hainm a fhoilsiú. An t-aon eisceacht is ea alt 151 Acht na gCuideachtaí 2014. De réir an alt seo, ní mór do chuideachta, a bhfuil díolúine faighte aici ón gceanglas na bhfocail a úsáid ina hainm, a thaispeáint ar a litreacha nó foirmeacha ordaithe gur cuideachta teoranta í.

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí ceadúnas alt 24 a chúlghairm ag am ar bith. Ar an gceadúnas a chúlghairm, cuireann an Cláraitheoir na focail “Designated Activity Company/Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” nó “Company Limited by Guarantee/Cuideachta faoi theorainn Ráthaíochta” ag deireadh an chomhlachta atá i gceist i gclár na gcuideachtaí. Sula ndéantar ceadúnas a chúlghairm, áfach, cuirtear de cheangal ar Chláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt i scríbhinn don chomhlacht atá i gceist, le seans a thabhairt dó cuir i gcoinne na cúlghairme.

D'fhonn an chúlghairm a sheachaint, ba chóir don chuideachta a chinntiú go ndéantar an tuairisceán bliantúil a chomhdú in am leis an CRO, uair sa bhliain. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar conas tuairisceán bliantúil a chomhdú, féach Bileog Faisnéise Uimh. 23, “Tuairisceán Bliantúil a Comhdú leis an CRO”.

#### 3.1 Meabhrán agus/nó airteagail a athrú

Cuirtear de cheangal ar gach cuideachta ag a bhfuil ceadúnas alt 24, de réir a bunreacht, cead scríofa a fháil ón Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta sula ndéantar an bhunreacht a athrú. Chuir an tAire de cheangal ar an gcuideachta iarrthóra foclaíocht a chur isteach sa chéill sin sa bunreacht sular tugadh ceadúnas alt 24 di.

Ní gá a thuilleadh do chuideachtaí a bhfuil ceadúnas faoi Chuid 4 acu roimh 1 Márta 2002, cead roimh ré a fháil d'athruithe sa Mheabhrán Airteagal Comhlachais ón Aire nó ó Chláraitheoir na gCuideachtaí. Is amhlaidh é sin de bharr athbhreithniú um nósanna imeachta do cheadanna ag Rannán Riaracháin Dhlí na gCuideachtaí de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

Baint agus Ionadú Clásal i Meabhrán reatha na cuideachta óna dteastaíonn cead mar sin le ráiteas

cosúil le, “Ní dhéanfar aon bhreisiú, athrú ná leasú d’oibiachtaí na Cuideachta, sa chaoi go mbeadh neamh-chomhlíonadh le ceangaltais chuid 971(1) (a) agus (b) d’Acht na gCuideachtaí 2014 (CGA)/ 1180 (1)(a) agus (b) d’Acht na gCuideachtaí 2014 (CTR), dá bhforáiltear i bhforálacha an mheabhráin chomhlachais seo atá i bhfeidhm san idirlinn murar taisceadh an méid céanna roimhe sin agus mura bhfuarthas cead ó Chláraitheoir na gCuideachtaí”. Is í éifeacht an chláisail seo nach foláir faomhadh a fháil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí amach anseo ach amháin nuair a athraítear oibiachtaí na gclásal éigeantach sa Mheabhrán Comhlachais i gcuid 971/1180.

Ba cheart go lorgófaí faomhadh ón Rannán Riaracháin Díl na gCuideachtaí, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 chun an t-athrú sin a chumasú. Is féidir an Fhoirm G1 ábhartha - rún speisialta - agus Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais a chomhdú leis an CRO, Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**  
**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226  
**Fón:** +353 1 804 5200  
**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**  
**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226  
**Tel:** +353 1 804 5200  
**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)